Derry City & Strabane
District Council
Comhairle
Chathair Dhoire &
Cheantar an tSratha Báin
Derry Cittie & Stràbane
Destrick Cooncil

Comhairle Chathair Dhoire agus
Cheantar an tSratha Báin

# Gaeilge & Fáilte

## An 4ú Eagrán

NOLLAIG 2023



www.derrystrabane.com

Derry City & Strabane District Council
Comhairle Chathair Dhoire & Cheantar an tSratha Báin
Derry Cittie & Stràbane Destrick Cooncil

# Fáilte

**Tá fáilte romhat chuig Gaeilge & Fáilte - nuachtlitir Ghaeilge Chomhairle Chathair Dhoire & Cheantar an tSratha Báin.**
**Sa nuachtlitir seo gheobhaidh tú eolas maidir le Seirbhísí Gaeilge na Comhairle mar aon le heolas faoi imeachtaí atá ag tarlú i saol na Gaeilge fud fad an cheantair Chomhairle.**

**San eagrán seo den nuachtlitir, caithfidh muid súil siar ar na himeachtaí ar fad a tharla le cúpla mí anuas agus amharcfaidh muid ar na himeachtaí Gaeilge atá beartaithe do na míonna beaga amach anseo.**
**Roinnfidh muid eolas ar na deiseanna atá ar fáil do phobal na Gaeilge agus déanfaidh muid ceiliúradh ar na rudaí iontacha atá idir lámha ag pobal na Gaeilge fud fad an cheantair Chomhairle.**








## Seirbhísí Gaeilge na Comhairle

Cuireann Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin réimse seirbhísí ar fáil do phobal na Gaeilge. Mar chuid de na seirbhísí seo, is féidir Gaeilge a labhairt linn nuair a chuireann tú scairt orainn, iarratas a dhéanamh le do shráidainm a fháil i nGaeilge, foirmeacha agus iarratais a chomhlánú i nGaeilge, mar aon le réimse leathan seirbhísí Gaeilge eile.

Is féidir ár seirbhísí Gaeilge ar fad a fheiceáil ar an fhíseán ar www.derrystrabane.com/gaeilge chomh maith.

Má tá seirbhís uait i nGaeilge déan teagmháil leis an Oifigeach Gaeilge, Erin Hamilton, ar an líne Ghaeilge: (028) 71376 579 nó seol ríomhphost chuig gaeilge@derrystrabane.com

Is féidir tegamháil a dhéanamh linn ar an fhoirm teagmhála atá ar fáil ar ár suíomh gréasáin anseo: https://www.derrystrabane.com/gaeilge
Chomh maith leis sin, má tá seirbhís uait nach bhfuil ar fáil faoi láthair, déan teagmháil linn.


## Déan Teagmháil Linn

**Ríomhphost:** gaeilge@derrystrabane.com
**Guthán:** 028 71 376579 (Líne Ghaeilge)
**Facebook:** facebook.com/foramphobalnagaeilge
**Twitter:** twitter.com/foramphobal

**www.derrystrabane.com**

# Suirbhé Custaiméirí 2023

Tá muid, mar Chomhairle, tiomanta i dtreo Seirbhísí Gaeilge ar ardchaighdeán a chur ar fáil don phobal agus tá muid i gcónaí ag iarraidh iad a fhorbairt agus a fheabhsú, más gá.




Tá Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin ag reáchtáil suirbhé le tuairimí phobal na Gaeilge a bhailiú maidir le seirbhísí Gaeilge na Comhairle.
Tá sé tábhachtach go mbaineann pobal na Gaeilge feidhm as an deis seo le tuairimí a thabhairt ar na seirbhísí le go mbeidh muid in ann na seirbhísí a fheabhsú agus a fhorbairt.

Is féidir an suirbhé a chomhlánú ar an nasc seo a leanas:
https://www.surveymonkey.co.uk/r/XQNJ9MZ
Ní mór an suirbhé a chomhlánú faoin Luan 18 Nollaig 2023.
Má tá tuilleadh eolais de dhíth, is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Gaeilge ar: gaeilge@derrystrabane.com








## Scríobh litir chuig Daidí na Nollag

Tá Gaeilge ag Daidí na Nollag! Is féidir le páistí (nó daoine fásta) an cheantair a litir Nollaig a sheoladh chuig Daidí na Nollag as Gaeilge agus gheobhaidh siad freagra ar ais ó Dhaidí na Nollag as Gaeilge.

Beidh bosca poist na Nollag ar fáil ón 27ú Samhain in aice leis an carr sleamhnáin mór ar Chearnóg Halla na Cathrach i nDoire, nó is féidir é a sheoladh tríd an phoist chuig an Oifigeach Gaeilge nó iad a fhágáil ag oifigí na Comhairle i nDoire nó ar an tSrath Bán chomh maith. Déanfaidh an tOifigeach Gaeilge cinnte go bhfaighfidh Daidí na Nollag na litreacha speisialta seo as Gaeilge.

**Doire**
Erin Hamilton
Oifigeach Gaeilge
Comhairle Chathair Dhoire &
Cheantar an tSratha Báin
98 Bóthar na Trá
Doire
BT48 7NN

**An Srath Bán**
Erin Hamilton
Oifigeach Gaeilge
Comhairle Chathair Dhoire &
Cheantar an tSratha Báin
47 Bóthar Dhoire
An Srath Bán
BT82 8DY

Ní mór d'ainm agus seoladh baile (postchód san áireamh) a bheith ar an litir chomh maith. Ní mór na litreacha seo a sheoladh faoin Déardaoin 14 Nollaig 2023.
Tuilleadh eolais: erin.hamilton@derrystrabane.com

# Imeachtaí Gaeilge sa Cheantar Comhairle

## Oíche Chultúir 2023 – Caint agus Ceol le Michelle Nic Pháidín

Bhí muid thar a bheith sásta fáilte a chur roimh Michelle Nic Pháidín chuig Halla na Cathrach ar Oíche Chultúir 2023. Chuir Michelle ceardlann bríomhar agus taitneamhach ar fáil bunaithe ar thraidisiún an tsean-nós san Iarthuaiscirt agus bhí deis ag an lucht éisteachta cúpla nóta a chanadh faoi stiúir gairmiúil Michelle chomh maith. Bhí ceol binn an tsean-nós le chluinstin fud fad Halla na Cathrach ar Oíche Chultúir!












# Island Voices 2023

Bhí bliain iontach eile ann den tsraith chailiúil Island Voices i mbliana. Tharla trí chaint thar a bheith suimiúil agus taitneamhach in Iarsmalann an Túir i nDoire idir Meán Fómhair agus Samhain 2023.

Thug Pauline Holland léargas iontach ar saol Sarah Leech agus labhair Pól Ó Muirí go domhain faoi shaol agus shaothar Sheosamh Mac Grianna. Cuireadh críoch leis an tsraith 'In From the Edge; Celebrating marginalised voices in the Irish and Ulster-Scots traditions' le Raymond Blair ag caint faoi 'File Dall Uladh' Frances Browne.

Más mian leat a bheith curtha san áireamh ar an liosta seachadta d'Island Voices, ní mór duit ríomhphost a chur chuig Pól Ó Frighil ar: pol.ofrighil@derrystrabane.com Tá an clár iomlán ar fáil anseo: www.derrystrabane.com/islandvoices




## Ceardlann Logainmneacha le DEEDS – The Story of Places

Mar chuid den chlár do 'Positive Ageing Month' a bhí ar siúl i mí Dheireadh Fómhair i mbliana, chuir an tOifigeach Gaeilge, Erin Hamilton agus an tOifigeach Beartais, Pól Ó Frighil ceardlann logainmneacha ar fáil don eagraíocht DEEDS (Dementia Engaged and Empowered in Derry and Strabane). Cuireadh dhá sheisiún ar fáil don ghrúpa atá lonnaithe i bPáirc agus dhá sheisiún eile ar fáil don ghrúpa ar an tSrath Bán. Chaith Erin agus Pól am le gach ghrúpa ag míniú cúlra agus saibhreas ár logainmneacha, agus an ceangal atá eatarthu agus an Ghaeilge agus an Ultais. Labhair na hOifigigh ar na logainmneacha a bhí pearsanta agus speisialta ach go háirithe do na rannpháirtithe i ngach ghrúpa chomh maith.







# Nollaig 2023

**Bhí idir óg agus aosta i láthair ag Lá Nollag Dé Domhnaigh 26 Samhain i Halla na Cathrach i nDoire le ceiliúradh a dhéanamh ar an Ghaeloideachas sa cheantar.**

D'oibrigh Gaelscoileanna an cheantair i gcomhpháirtíocht le Chultúrlann Uí Chanáin le Lá Teaghlaigh taitneamhach agus lán spraoi a eagrú do gach duine a bhí i láthair. Thug aoi speisialta (Daidí na Nollag) cuairt ar an lá chomh maith agus bhí deis ag gach duine triail a bhaint as gníomhaíochtaí éagsúla Nollaig fud fad an Halla.

Tugadh tacaíocht don imeacht seo ag an Méara Comhairleoir Patricia Logue.

# Fóram Phobal na Gaeilge

Tagann Fóram Phobal na Gaeilge le chéile gach ráithe le cúrsaí forbartha teanga a phlé. Tugtar cuireadh d'eagraíochtaí, ghrúpaí agus dhaoine aonair a bhfuil suim acu dul i mbun plé faoin Ghaeilge, dheiseanna comhoibre agus faoi cheisteanna straitéiseacha agus forbartha teanga bheith i láthair.

Tharla an chruinniú is déanaí den Fhóraim ar an Chéadaoin 8ú Samhain 2023 agus rinneadh plé ar réimse leathan ábhair le linn an chruinnuithe. Beidh an chéad chruinniú eile ag tarlú go luath sa bhliain úr.

Más mian leat féin bheith páirteach sna cruinnithe seo nó má tá ceist agat faoin dóigh a n-eagraítear cruinnithe déan teagmháil leis an Oifigeach Gaeilge ag: gaeilge@derrystrabane.com nó cuir scairt ar an líne Ghaeilge ar: 028 71 376579



Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin

Derry City & Strabane District Council
Comhairle Chathair Dhoire & Cheantar an tSratha Báin
Derry Cittie & Strabane Destrick Cooncil

# Gaeilge & Fáilte

## An 4ú Eagrán

NOLLAIG 2023

**Tá an Nuachtlitir seo ar fáil i bhformáidí éagsúla lena n-áirítear cló mór, braille, formáidí fuaime (CD, MP3, DAISY) agus mionteangacha.**
**Tuilleadh eolais faoi fhormáidí eile:**
**guthán: 028 71 253253**
**nó**
**ríomhphost: equality@derrystrabane.com**

www.derrystrabane.com